C/2026/221

9.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12255 — EMK / BUILTECH GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/221)

1. An 22 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— VDK Groep B.V. (lena fhochuideachtaí 'VDK', an Ísiltír), atá faoi rialú EMK Capital (an Ríocht Aontaithe).

— Builtech Group GmbH ('Builtech', an Ghearmáin), atá faoi rialú Auctus Capital Partners AG (an Ghearmáin).

Gheobhaidh VDK rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Builtech ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa suiteála teicniúla agus seirbhísí de chuid na hÍsiltíre é VDK atá gníomhach i réimse na teicneolaíochta suiteála leictrí agus meicniúla. Tá VDK gníomhach go príomha san Ísiltír, agus tá roinnt gníomhaíochtaí aige sa Ghearmáin agus sa Bheilg trí fhochuideachtaí. Is gnólacht cothromais phríobháidigh é EMK atá lonnaithe i Londain agus a dhíríonn ar infheistíochtaí i gcuideachtaí meánmhéide ar fud na hEorpa. Is iondúil go n-infheistíonn an gnólacht in earnálacha amhail an earnáil tionsclaíochta, earnáil na seirbhísí agus earnáil na teicneolaíochta.

— Tá Builtech gníomhach i soláthar seirbhísí teicniúla foirgneamh agus innealtóireachta, agus tá fochuideachtaí aige sa Ghearmáin, san Ostair, san Eilvéis, sa tSualainn, sa Bhulgáir agus sa Rómáin, a fhreastalaíonn go príomha ar chustaiméirí gnó san earnáil tráchtála, san earnáil thionsclaíoch agus san earnáil phoiblí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12255 — EMK / BUILTECH GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË